An Chigireacht Oideachais agus Oiliúna -

*Ag Cur Feabhsú Chun Cinn*

Ag Soláthar Seirbhísí Cigireachta do:
An Roinn Oideachais
An Roinn Fostaíochta agus Foghlama
An Roinn Cultúir, Ealaíon agus Fóillíochta

INFHEISTEOIR I NDAOINE

# An Chigireacht Oideachais agus Oiliúna

# Naíscoil Charn Tóchair
# Machaire Rátha

## Dáta na Cigireachta: Bealtaine 2007

## FAISNÉIS STAITISTIÚIL

| | |
|---|---|
| **Ainm an Ionaid Réamhscoile:** | Naíscoil Charn Tóchair |
| **Seoladh:** | 131 Thír Chiana<br>MACHAIRE RÁTHA<br>Co Dhoire<br>BT46 5NH |
| **Cineál Bainistíochta:** | |

| | |
|---|---|
| **Dáta na Cigireachta:** | 15 Bealtaine 2007 |
| **Dáta na Cigireachta roimhe sin:** | 21 Bealtaine 2001 |

### 1. <u>Sonraí faoi na Páistí</u>

| **Líon iomlán na bpáistí:** | **seisiún am** | **seisiún pm** |
|---|---|---|
| • atá ag freastal ar an ionad réamhscoile | 17 | - |
| • atá sa bhliain go díreach roimh an chéad bhliain scoile | 11 | - |
| • atá á maoiniú ag an Roinn Oideachais | 9 | - |
| • atá cáilithe faoi chritéir iontrála 1 agus 2 de chuid na Roinne Oideachais | 8 | - |
| • a bhfuil ráiteas ina leith go bhfuil Sainriachtanais Oideachais acu | 0 | - |
| • nach bhfuil ráiteas ina leith ach atá ag fáil teiripe nó tacaíochta a bhaineann le Sainriachtanais Oideachais ó dhaoine gairmiúla eile | 0 | - |
| • a bhfuil an Béarla mar theanga bhreise acu | 2 | - |
| • a d'fhág sa bhliain scoile roimhe seo le freastal ar rang réamhscoile taobh istigh de bhunscoil | 0 | - |
| **Tinreamh:** | | |
| • tinreamh na bpáistí a fuair maoiniú don bhliain scoile roimhe seo ina chéatadán** | 95% | - |

** Bunaithe ar an fhigiúr ón dáta a bhí an iontráil comhlánaithe

## 2. Sonraí faoin Fhoireann

| Líon: | Lánaimseartha | Páirtaimseartha |
|---|---|---|
| Baill foirne agus an ceannaire san áireamh | 2 | 0 |
| Baill foirne a bhfuil cáilíochtaí aitheanta cúram leanaí acu | 2 | 0 |
| Ceapacháin nua le 12 mhí anuas | 1 | 0 |

| Líon: *** | |
|---|---|
| Mic léinn | 0 |
| Oiliúnaithe | 0 |
| Oibrithe deonacha | 1 |

*** Iomlán socrúchán ó Mheán Fómhair na bliana reatha

## 3. Sonraí faoi Sheisiúin

| Fad ama sheisiún na maidine | Fad ama sheisiún an tráthnóna | Líon laethanta a bhí an t-ionad oscailte sa bhliain roimhe |
|---|---|---|
| 2½ huaire an chloig | - | 190 |

## 4. Ceistneoirí chuig Tuismitheoirí

| Líon a eisíodh chuig tuismitheoirí: | 17 |
|---|---|
| Céatadán acu a cuireadh ar ais: | 59% |
| Líon na dtuairimí scríofa: | 7 |

**TUAIRISC FAOIN CHIGIREACHT AR NAÍSCOIL CHARN TÓCHAIR MACHAIRE RÁTHA, CO DHOIRE, BT46 5NH (3AB-0114)**

1. Tá an t-ionad lonnaithe i seomra ranga i bhfoirgneamh na scoile deonaí. Tá sé suite in aice le St Brigid's Primary School agus le Bunscoil Naomh Bríd.

2. Trí cheistneoirí cigireachta tugadh deiseanna do na tuismitheoirí, don fhoireann agus don ghrúpa bainistíochta barúlacha a nochtadh faoin ionad. Is é an tuairim a léiríodh sna freagraí go rabhthas thar a bheith sásta le caighdeán foriomlán an oideachais a thugtar san ionad. Moladh an fhoireann sna tuairimí a scríobhadh.

3. Tá polasaithe agus modhanna oibre oiriúnacha ag an ionad le haghaidh cosaint páistí. Léirítear ón fhianaise sa chigireacht go gcuireann an fhoireann na polasaithe agus na modhanna oibre sin i bhfeidhm go héifeachtach seasta leis na páistí a chosaint.

4. Tá sé le feiceáil go bhfuil rún daingean ag an ionad nósanna sláintiúla itheacháin a chur chun cinn. Bíonn roinnt deiseanna ag na páistí bheith páirteach i réimse gníomhaíochtaí coirp.

**5. Is iad seo a leanas príomhláidreachtaí an oideachais agus an tréadchúraim a sholáthraíonn an t-ionad:**

- Bíonn an fhoireann ag obair go crua chun úsáid chruthaitheach a bhaint as gach píosa trealaimh agus as gach spás atá ar fáil.

- Le linn na cigireachta, chonacthas na páistí roinnt uaireanta agus iad go táirgiúil i mbun súgartha a raibh cuspóir leis.

- Bíonn deiseanna sásúla foghlama i mbunús réimsí an churaclaim réamhscolaíochta.

- Bíonn an chumarsáid leis na tuismitheoirí maith go leor agus is tríthi sin a bhíonn roinnt deiseanna acu bheith páirteach in oideachas a gcuid páistí.

- Bíonn leibhéal an-mhaith idirghníomhaíochta Gaeilge idir an fhoireann agus na páistí. Le linn na cigireachta bhí roinnt uaireanta ann nuair a chaith baill foirne tréimhsí maithe buana i mbun idirghníomhaíochta le grúpaí páistí agus le daoine aonair, agus iad ag cur theanga agus fhoghlaim na bpáistí chun cinn agus ag glacadh páirt chuí sa súgradh.

- Tá leibhéal maith Gaeilge ag na páistí. Is léir ón dóigh a mbíonn na páistí a freagairt go bhfuil tuiscint mhaith acu ar an Ghaeilge labhartha.

- Eagraítear am sneaice ar bhonn neamhfhoirmiúil agus lena linn sin bíonn deiseanna maithe ag na páistí a gcuid scileanna sóisialta agus a gcuid neamhspleáchais a fhorbairt.

- Is dianoibrithe lán dílseachta iad an ceannaire agus an fhoireann agus rún daingean acu cur leis an soláthar oideachais.

**6. Aimsíodh sa chigireacht réimsí atá le feabhsú. Is iad seo a leanas na réimsí is tábhachtaí ar gá aird a thabhairt orthu.**

- Caithfidh an fhoireann straitéisí níos éifeachtaí a cheapadh agus a fheidhmiú le déileáil le hiompar míchuí.

- Is gá athbhreithniú a dhéanamh ar an dóigh a n-eagraítear an lá lena chinntiú go n-úsáidtear an t-am uile go héifeachtach chun foghlaim a chur chun cinn agus go háirithe chun pleanáil, eagrú agus bainistiú na seisiún súgartha coirp a fhorbairt.

- Caithfidh an fhoireann modhanna neamhfhoirmiúla is oiriúnaí a úsáid le tairbhe a bhaint as na féidearthachtaí foghlama atá i ngach gníomhaíocht chun go ndéanfar freastal níos éifeachtaí ar riachtanais gach páiste.

- Caithfidh an t-ionad cur leis na hacmhainní atá aige i mbunús na réimsí súgartha le go dtabharfar tuilleadh dúshláin do na páistí agus le gur mó an dul chun cinn a dhéanfaidh siad.

7. Tá an fhoireann i ndiaidh tús a chur le forbairt roinnt modhanna úsáideacha féinmheastóireachta. Cé nach bhfuil ach tús á chur leis an obair sin, tá an fhoireann i ndiaidh tosú a smaoineamh ar cad é mar a thiocfadh leo breathnóireacht níos grinne a dhéanamh ar an chleachtas sa seomra súgartha. Ba chóir don fhoireann comhoibriú anois leis an saineolaí oideachais luath-óige agus leis an choiste bainistíochta chun na pleananna gníomhaíochta acu a athbhreithniú agus cur leo i bhfianaise chinntí na cigireachta.

8. Tá láidreachtaí ina lán gnéithe den oideachas agus den tréadchúram a sholáthraítear san ionad réamhscolaíochta. Tá an chigireacht i ndiaidh roinnt réimsí tábhachtacha a aimsiú le haghaidh feabhsúcháin agus is gá tabhairt fúthu sin le freastal go héifeachtach ar riachtanas gach páiste.

Déanfaidh an Chigireacht Oideachais agus Oiliúna faireachán ar dhul chun cinn an ionaid réamhscolaíochta agus é ag tabhairt faoi na réimsí sin atá le feabhsú, agus déanfaidh sí tuairisciú air sin.

© CÓIPCHEART NA CORÓNACH 2008

Is ceadmhach an tuairisc seo a atáirgeadh ina iomláine nó ina codanna, seachas le haghaidh bearta tráchtála, nó i gcomhair réamheolaire nó fógra ar choinníoll go léireofar foinse agus dáta na tuairisce ann.

Is féidir cóipeanna den tuairisc seo a fháil ón Bhrainse Seirbhísí Cigireachta, An Roinn Oideachais, Teach Ráth Giall, 43 Bóthar Bhaile Aodha, Beannchar, Co. an Dúin BT19 7PR. Tá cóip ar fáil chomh maith ar shuíomh gréasáin na Roinne Oideachais: www.deni.gov.uk